An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte
Health Products Regulatory Authority

# An baol a bhaineann le cógais ar oideas a cheannach ar líne

Tá sé in aghaidh an dlí cógais ar oideas a dhíol ar líne in Éirinn – agus tá sé baolach iad a cheannach. Mínímid ar an leathanach seo an fáth atá leis sin.

Is drugaí iad cógais ar oideas nach mór do ghairmí sláinte, cosúil le dochtúir nó fiaclóir, iad a ordú. De ghnáth, faightear ó chógaslann iad. Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) gach cógas ar oideas atá ar fáil in Éirinn a thástáil agus a cheadúnú.

## CÉN BAOL A CHRUTHAÍTEAR NUAIR A CHEANNAÍTEAR CÓGAIS AR OIDEAS AR LÍNE?

Gach seans go gceapfá gurb áisiúil cógais a cheannach ar líne, ach níl bealach ar bith ann fios a bheith agat an bhfuil cógais ar oideas ar líne sábháilte nó má oibreoidh siad i gceart. D'fhéadfaidís a bheith bréagach nó neamhéifeachtach – nó d'fhéadfaidís díobháil thromchúiseach a dhéanamh duit fiú.

Ar an gceann is fearr de, d'fhéadfadh sé go mbeadh d'airgead á chur amú agat. Ar an gceann is measa, d'fhéadfadh na cógais sin díobháil thromchúiseach a dhéanamh do do shláinte.

Seo cuid den bhaol a chruthaítear nuair a cheannaítear cógais ar oideas ar líne.

### B'fhéidir nach gceadaítear cógais lena n-úsáid ag daoine

Ní rialaíonn an HRPA cógais ar oideas a cheannaítear ar líne. Ciallaíonn sé sin nach fios dúinn an ndearnadh na tástálacha cearta ar chógas ar líne nó an bhfuil sé oiriúnach lena úsáid ag daoine.

Fuarthas go raibh substaintí tocsaineacha atá baolach i roinnt cógas a ceannaíodh ar líne. Cé go bhféadfadh an chuma chéanna a bheith air agus atá ar an saghas cógais a sholáthraíonn do chógaslann, ní féidir a ráthú go bhfuil an cógas fíor nó sábháilte.

### D'fhéadfadh comhábhair cógas a bheith bréagach, neamhéifeachtach nó díobhálach

Is é an comhábhar gníomhach i gcógas an rud a chuireann ag obair é. Tá seans ann nach bhfuil aon chomhábhar gníomhach ar bith i gcógas a cheannaítear ar líne. Nó b'fhéidir go bhfuil méid iomarcach nó neamhleor de chomhábhar gníomhach ann, nó d'fhéadfadh na comhábhair mhíchearta ar fad a bheith ann.

Mura bhfuil an méid ceart de chomhábhar gníomhach ann, d'fhéadfadh sé a bheith gan mhaith mar chóir leighis don riocht atá agat.

Chomh maith leis sin, de bharr nach ndearnadh tástáil ar an gcógas, ní féidir leat a bheith cinnte faoi na comhábhair atá ann. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé idirghníomhú le cógas eile atá á ghlacadh agat – agus go bhféadfadh sé a bheith mar chúis le fo-iarmhairtí baolacha nó gránna.

### D'fhéadfadh an pacáistiú agus an t-eolas mícheart a bheith ar chógais.

Nuair a bhíonn cógas á cheannach agat ar líne, níl bealach ar bith ann fios a bheith agat cá ndearnadh é ná cad iad na caighdeáin cháilíochta nó sábháilteachta a d'úsáid an déantúsóir.

B'fhéidir nach ndearnadh an cógas a phacáistiú, a lipéadú nó a stóráil i gceart – agus d'fhéadfadh sé a bheith imithe as dáta.

Anuas air sin, b'fhéidir nach bhfuil aon eolas d'othair ar an bpacáiste nó an lipéad, amhail conas an cógas a thógáil, nó d'fhéadfadh sé eolas a thabhairt atá díreach mícheart.

### An riosca calaoise agus bradaíola aitheantais

Déanann go leor suíomhanna idirlín ar a soláthraítear cógais a n-aitheantas agus a láthair fhíor a cheilt chun an dallamullóg a chur ar dhaoine. Go minic is coirpigh a dhéanann na suíomhanna sin a reáchtáil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn tú i mbaol calaoise cárta creidmheasa agus bradaíola aitheantais nuair a thugann tú do shonraí pearsanta.

## CÉN ÁIT IS FEARR CÓGAIS A CHEANNACH?

### Cógais ar oideas

Níor cheart duit cógais ar oideas a cheannach ach ó chógaslann.

Ní dhéanann ach Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) cógaslanna a chlárú agus a rialáil in Éirinn. Nuair a cheannaíonn tú ó na cógaslanna seo, is eol duit gur údaraíodh do chógas agus go bhfuil monatóireacht á déanamh ag an HPRA ar a shábháilteacht agus a cháilíocht.

Ní féidir ach le dochtúirí, fiaclóirí agus altraí áirithe oideas a thabhairt duit. Níor cheart duit cógais ar oideas a thógáil ach faoi chúram agus faoi mhaoirseacht gairmí cúraim sláinte.

### Cógais nach bhfuil ar oideas a cheannach ar líne

Is féidir le cógaslanna agus miondíoltóirí eile in Éirinn cógais nach bhfuil ar oideas a dhíol ar a suíomhanna gréasáin. Is cógais iad sin nach dteastaíonn oideas uathu. Is sampla amháin díobh ná táirgí paraicéiteamóil d'fhaoiseamh ó phian.

Caithfidh cógaiseoir nó soláthraí eile ar mian leo cógais nach bhfuil ar oideas a dhíol ar an idirlíon in Éirinn clárú le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) agus a bheith curtha lena Liosta Soláthair Idirlín. Is féidir leat an liosta a sheiceáil ar shuíomh gréasáin an PSI.

Caithfidh an soláthraí 'lógó coiteann an AE' a thaispeáint ar a shuíomh gréasáin freisin. Tugtar muinín duit tríd an lógó a sheiceáil go bhfuil na cógais sábháilte agus go bhfuil an soláthraí cláraithe in Éirinn. Más rud é nach soláthraí cláraithe atá ann, ní féidir fios a bheith agat an bhfuil na cógais sábháilte nó éifeachtach.

Click to verify if this website is operating legally

## CÉN FÁTH A BHFUIL MO CHÓGAS Á CHOINNEÁIL AG CUSTAIM?

Tá sé in aghaidh an dlí in Éirinn cógais ar oideas a sholáthar ar líne. Is cion coiriúil é cógais bhréagacha nó ghóchumtha – ar a dtugtar cógais fhalsaithe – a dhéanamh freisin.

Déanann oifigigh Chustam cógais ar oideas neamhdhleathacha a aimsítear agus iad ag teacht isteach sa tír a choinneáil (a ghabháil) agus d'fhéadfaí iad a mhilleadh. Is féidir oibreoirí suíomhanna gréasáin a dhéanann iarracht na cógais siúd a dhíol a ionchúiseamh agus a suíomhanna gréasáin a dhúnadh.

Má cheannaigh tú cógais ar oideas ar líne agus má choinníonn Custaim iad, scríobhfaimid chugat chun tú a chur ar an eolas ar an méid a tharla. Seolfaimid bileog chugat chomh maith maidir leis an mbaol a bhaineann le cógais ar oideas a cheannach ar líne.

Má coinníodh do chógas, ní féidir linn é a sheoladh chugat ná é a sheoladh ar ais chuig an soláthraí. Is táirge neamhdhleathach é agus d'fhéadfaí é a mhilleadh.

## CÉN ÁIT IS FÉIDIR LIOM COMHAIRLE A FHÁIL NUAIR A BHÍONN CÓGAIS Á gCEANNACH AGAM?

Is fearr i gcónaí comhairle a fháil ó ghairmí cúraim sláinte (dochtúir, altra, cógaiseoir nó fiaclóir) faoi bhuarthaí nó comharthaí ar bith a d'fhéadfadh a bheith ort.

Mura bhfaigheann tú é sin, b'fhéidir nach ndéanfar d'fhadhb a dhiagnóisiú i gceart, agus d'fhéadfadh sé go gceannófá an cógas mícheart do do riocht. Ná cuir tú féin i mbaol.

## CONAS CÓGAIS AR OIDEAS NEAMHDHLEATHACHA A THABHAIRT LE FIOS

Má tá amhras ort go bhfuil cógais ar oideas neamhdhleathacha á ndéanamh nó á ndíol, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn. Is féidir leat:

- Glaoch orainn ar 01 634 3871 nó 01 634 3434, nó
- Teachtaireacht a sheoladh trínár bhfoirm theagmhála ar líne (ar an roghchlár anuas, roghnaigh 'Eile' agus 'Tabhair gníomhaíocht neamhdhleathach le fios')

Cuirimid fáilte roimh aon eolas is féidir cabhrú linn tú a choimeád sábháilte trí stop a chur le cógais as teacht isteach sa tír go neamhdhleathach.